AN BORD TAIGHDE SLÁINTE

Tuarascáil Bhliantúil 2013

Feabhsú a dhéanamh ar an tsláinte trí thaighde agus eolas

HRB
Health Research Board

An Bord Taighde Sláinte

Tuarascáil Bhliantúil 2013

Feabhsú a dhéanamh ar an tsláinte trí thaighde agus eolas

HRB
Health Research Board

Arna fhoilsiú ag:

An Bord Taighde Sláinte, Baile Átha Cliath

© An Bord Taighde Sláinte 2014

ISSN: 0791 220X

Is féidir cóipeanna den tuarascáil seo a fháil ó:

An Bord Taighde Sláinte
Teach Mhig Reachtain
67-72 Sráid an Mhóta Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
Éire

t 353 1 234 5000
f 353 1 661 2335
r hrb@hrb.ie
sg www.hrb.ie

Clár na nÁbhar

Sracfhéachaint ar an BTS in 2013	4
Ráiteas an Chathaoirligh	6
Straitéis agus Maoiniú Taighde	11
Eolas agus Fianaise Shláinte	16
Oibríochtaí Corporáideacha	19
Sliocht as na Ráitis Airgeadais	26
Liosta fhoilseachán an BTS in 2013	29
Liosta dhámhachtainí an BTS in 2013	31

SRACFHÉACHAINT AR AN BTS IN 2013

Ár n-obair agus roinnt aschur ónár bpunann taighde mhaoinithe

39 milliún infheistithe i ndámhachtainí nua

130 tionscadal **taighde maoinithe**

41 táirge agus idirghabháil nua á bhforbairt

10 bpaitinn
2 mhac-chuideachta
29 nuálaíocht sa chúram sláinte

85 tionchar

ar pholasaí agus cleachtas

54 modh nua saotharlainne

lenar áiríodh samplaí bitheolaíocha, samhlacha ainmnithe agus bogearraí taighde

182

cás nua de chomhoibriú idirnáisiúnta:

38 acu le cuideachtaí agus 144 acu le hinstitiúidí acadúla

12.6M
de mhaoiniú giarála
leath de ó fhoinsí nach mbaineann leis an státchiste

1,600
othar nua
cláraithe i dtrialacha cliniciúla ailse

315 **post a bhain le taighde** ar tacaíodh leo ar fud na seirbhísí sláinte agus an tsaoil acadúil

150,000
cuairt **ar Ionad Náisiúnta Doiciméadúcháin an BTS** ar **an suíomh gréasáin faoi úsáid drugaí ag** drugsandalcohol.ie

419
foilseachán piarmheasúnaithe
ó thaighdeoirí a bhí maoinitheag an BTS

7 **n-athbhreithniú anaise den BTS**
le cur le **polasaithe náisiúnta sláinte**

An. Dr Declan Bedford,
Cathaoirleach, an BTS

Ráiteas an Chathaoirligh

Rinne an Bord Taighde Sláinte dul chun cinn mór i rith 2013. Feicfidh tú ar fud na tuarascála seo cén chaoi a bhfuil an acmhainn, bonneagar agus deis cruthaithe againn le bheith mar bhonn agus taca ag fionnachtana suntasacha taighde agus fianaise nua a chruthú le haghaidh an pholasaí agus an chleachtais. Feicfidh tú chomh maith cén chaoi a raibh torthaí sláinte níos fearr, bealaí cuir chuige nua i leith cúraim, agus dálaí níos fearr le haghaidh cur ar fáil cúram sláinte do mhuintir na hÉireann amach anseo mar thoradh ar ár ngníomhaíochtaí.

"Ar na príomhfhionnachtana a rinneadh, bhí aimsiú polaiméirí nua a chuidíonn le cneasú fiocháin agus fianaise an-láidir go gcuireann an iomarca salainn le ceann amháin as gach ceithre thaom croí agus stróc..."

Chuir an eagraíocht tús le turas trí bliana ó shin ina ndearnadh athbhreithniú ar gach uile ghné dá hobair. Tharla athruithe móra ina dhiaidh sin de réir mar a chuamar i mbun plean gnó cúig bliana a bhí ceaptha le taighde níos fearr, fianaise níos fearr, sláinte níos fearr agus cúram níos fearr a chur ar fáil. Gné ríthábhachtach de seo ná dul in oiriúint nó athrú ár scéimeanna deontais taighde, cur chun cinn ár gcórais eolas sláinte agus aonad láidir fianaise a bhunú le cur le polasaí agus cleachtas sláinte. Ba bhliain eile í 2013 ina ndearnadh dul chun cinn suntasach ar an turas seo.

Seo sracfhéachaint ar chuid de na buaicphointí a bhí i gceist:

- infheistiú €39 milliún **i gcláir thaighde, forbairt acmhainne agus bonneagar**
- oscailt Áis Taighde Chliniciúil an BTS-Wellcome Trust **ag Ospidéal San Séamas**
- seoladh na gcéad Dámhachtainí do Cheannairí Taighde**, rudaí a bhfuil sé mar aidhm leo bearnaí ceannaireachta i ngnéithe straitéiseacha de thaighde sláinte daonra agus/nó seirbhísí sláinte a líonadh**
- **cumasú 1,600 othar nua le bheith páirteach i dtrialacha cliniciúla ailse** trí mhaoiniú leanúnach do Ghrúpa Comhoibríoch Taighde Oinceolaíochta uile-Éireann (GCTOÉ)
- tionscnamh comhoibrithe nua **le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann (CRLÉ)** chun taighde a chur chun cinn ar cháilíocht agus sábháilteacht othar, agus é ag eascairt ó sheirbhís sláinte na hÉireann agus ó Chláir Chliniciúla Náisiúnta FSS
- **agus muid ag tógáil ar chláir rathúla scoláirí an BTS i dtaighde** seirbhísí sláinte, **sheolamar clár agus líonra nua, SPHeRE (Structured Population and Health-services Research Education),** chun clár na scoláirí a leathnú agus acmhainn a fhorbairt i dtaighde sláinte daonra agus seirbhísí leighis
- an chéad suirbhé dialainne alcóil náisiúnta **riamh in Éirinn a choimisiúnú, a dhearadh agus a bhainistiú**
- ceiliúradh ar 10 mbliana Ionad Náisiúnta Doiciméadúcháin an BTS um Úsáid Drugaí**, rud a chláraigh** 150,000 cuairt ar a shuíomh gréasáin **in 2013**
- sonraí a chur ar fáil ónár gcórais eolas sláinte ar líne **trí shuíomh gréasáin an POS**
- breis is 100,000 taifead bunachar sonraí a phróiseáil chun measúnú a dhéanamh ar úsáid seirbhíse agus riachtanais seirbhíse **i réimsí an mhíchumais, úsáide drugaí agus meabhairshláinte.**

Tá ról suntasach ag an eagraíocht go náisiúnta i:

1. Tionscnamh 'Éire Shláintiúil': **Bhí tuarascálacha agus anailís an BTS ríthábhachtach d'fhorbairt** Éire Shláintiúil. *Cuireann ár bplean straitéiseach gnó le cuid mhaith de na haidhmeanna a bhfuil cur síos orthu, agus beidh ról gníomhach againn mar bhonn agus taca ag na gnéithe taighde den tionscnamh náisiúnta seo.*
2. **Bille Alcóil um Shláinte Phoiblí:** Dhear agus chomhordaigh an tAonad Fianaise an chéad suirbhé dialainne alcóil náisiúnta in Éirinn. Tuairisceofar torthaí an tsuirbhé in 2014 agus beidh siad mar chuid lárnach d'fhorbairt an Bhille Alcóil um Shláinte Phoiblí atá ar na bacáin.
3. **Árachas sláinte uilíoch:** Athbhreithnithe fianaise a chur ar fáil le cur le plé mheitheal na Roinne Sláinte ar árachas sláinte uilíoch.

4. Cur ar fáil staidrimh náisiúnta ar sholáthar seirbhíse agus éileamh i réimsí an mhíchumais, meabhairshláinte agus úsáid alcóil/drugaí.
5. **Uachtaránacht na hÉireann ar an AE:** Chuir an BTS comhdháil Mhí Eorpach na hInchinne i láthair thar ceann na Roinne Sláinte agus i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach. Thug an chomhdháil cuid de na taighdeoirí agus lucht ceaptha polasaí sláinte is fearr go hÉirinn, agus bhí 10 bprionsabal polasaí uile-Eorpacha chun taighde a chur chun cinn i réimse na neamhord inchinne mar thoradh uirthi.

Rinne an pobal taighde atá á mhaoiniú againn fionnachtana suntasacha chomh maith a tharraing aird na meán orthu.

Ar na príomhfhionnachtana a bhí i gceist bhí;

- fianaise an-láidir go gcuireann an iomarca salainn le ceann amháin as gach ceithre thaom croí agus stróc
- fionnachtain polaiméirí nua a chuidíonn le cneasú fíocháin
- staidreamh nua a dhírigh aird ar dhaoine óga a bhfuil easláinte mheabhrach orthu, agus
- aithint airíonna nua taom croí a thosaíonn go mall.

Bhí siad seo a leanas mar thoradh ar dhámhachtainí den BTS a críochnaíodh i rith na bliana:

- 41 táirge agus idirghabháil nua á bhforbairt (deich bpaitinn, dhá mhac-chuideachta agus 29 nuálaíocht sa chúram sláinte)
- 85 tionchar ar pholasaí agus cleachtas
- 54 modh nua saotharlainne, lenar áiríodh samplaí bitheolaíocha, anailís sonraí, samhlacha ainmnithe agus bogearraí taighde
- 182 cás nua de chomhoibriú idirnáisiúnta, a bhfuil 38 acu le cuideachtaí agus 144 acu le hinstitiúidí acadúla
- €12.6 milliún de mhaoiniú giarála, agus leath de ó fhoinsí nach mbaineann leis an státchiste
- 315 post a bhain le taighde ar tacaíodh leo ar fud na seirbhísí sláinte agus an tsaoil acadúil

Bhí athruithe móra ar siúl chomh maith go hinmheánach. Thosaigh an BTS cuardach foirgnimh nua chun an fhoireann go léir a thabhairt le chéile in aon áit amháin. Leanamar d'uasghrádú ár gcóras iarratais ar dheontais ar líne, ar mhaithe le sruthlíniú a dhéanamh ar an bpróiseas bainistíochta deontas.

D'fhógair Príomhfheidhmeannach an BTS, Enda Connolly, i lár 2013 go raibh sé tar éis cinneadh dul ar scor. Bhí Enda mar cheann tiomána *Phlean Straitéiseach Gnó an BTS, 2010-2014,* ó thosaigh sé sa phost in 2008. Chuir a thiomantas agus a fhócas i rith a théarma oifige go mór le forbairt fhadtéarmach an taighde sláinte in Éirinn. Thar ceann an Bhoird agus na foirne, ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis agus rath a ghuí air.

Earcaíodh an Dr. Graham Love mar POF ag deireadh 2013. Agus cúlra sna hEolaíochtaí Beatha aige, chomh maith le taithí leathan ar nithe amhail comhairleacht bhainistíochta ag Accenture agus róil éagsúla ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ), tá sé inniúil go maith leis an BTS a stiúradh tríd an gcéad chéim eile dá fhorbairt straitéiseach.

Is creidiúint iad na nithe atá bainte amach againn i mbliana do thaithí agus saineolas ár bhfoirne, agus iad tar éis a bheith thar a bheith solúbtha, obair dhian a dhéanamh agus tiomantas a léiriú le bliain anuas chun torthaí den chéad scoth a bhaint amach. Tá an Bord tar éis ceannaireacht a dhéanamh ar feadh na bliana agus ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leo as a léargas agus a dtreoir.

Agus muid ag breathnú romhainn, creidimid go mbeidh 2014 ina bliain spreagúil agus dhúshlánach, de réir mar a thosaímid próiseas forbartha straitéise nua, bogadh go hoifigí nua, beochan an phobail taighde sláinte as an nua, leathnú a dhéanamh ar ár bpunann taighde agus fianaise nua a chruthú a chuireann le polasaí agus cleachtas sláinte.

An Dr. Declan Bedford, Cathaoirleach

Lucht taighde agus seirbhísí líne tosaigh ag teacht le chéile. Agus iad ag tabhairt óráide ag an gcéad cheardlann den Chomhoibriú Taighde le haghaidh Cáilíochta agus Sábháilteacht Othar idir an BTS, FSS agus Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn, bhí (clé go deas) an tOll. Mary Dixon-Woods, Ollscoil Leicester; An Dr. Philip Crowley, Stiúrthóir Náisiúnta na Stiúrthóireachta Cáilíochta agus Sábháilteachta Othar (FSS); An Dr. Teresa Maguire, Ceann Taighde Sláinte Daonra agus Seirbhísí Sláinte, BTS; An Dr. Áine Carroll, Stiúrthóir Náisiúnta na Straitéise agus na gClár Cliniciúil, (FSS); An tOll. Richard Costello, Stiúrthóir Taighde, (CRLÉ)

Straitéis agus Maoiniú Taighde

Mairéad O'Driscoll, Stiúrthóir, Straitéis agus Maoiniú Taighde

"D'imir fionnachtana a bhí mar thoradh ar mhaoiniú an BTS tionchair shuntasacha in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Tá taighdeoirí atá maoinithe ag an BTS ag cur go mór le feabhsú ár sláinte mar dhaoine aonair..."

Rinne an BTS athbhreithniú i rith 2013 ar 339 iarratas deontais agus rinne sé €39 milliún a infheistiú i 130 dámhachtain nua taighde agus ráta ratha idir 17% agus 20% ag baint leo, agus é de réir na scéime maoiniúcháin a bhí i gceist. Tá liosta iomlán dámhachtaithe rathúla ar taispeáint in Aguisín B. I gcomhréir leis na spriocanna a leagadh síos sa phlean straitéiseach gnó, tá ár maoiniú do thaighde sláinte daonra agus seirbhísí sláinte méadaithe againn go 35% sa tréimhse 2010-2013, agus é méadaithe ó 24% sna cúig bliana roimhe sin.

Scéimeanna nua a tugadh isteach

- Scéim nua a chur i bhfeidhm le tacú **le hidirghabhálacha cinntitheacha** amhail trialacha cliniciúla randamaithe agus/nó tuarascálacha staidéir idirghabhála eile. Cuireann na tuarascálacha staidéir seo fianaise ardcháilíochta ar fáil ar éifeachtúlacht, éifeachtacht, costas agus tionchar leathan na hidirghabhála ar othair, sláinte daonra agus/nó an córas cúram sláinte.
- Tionscnamh nua a fhorbairt le **tacú le líonraí trialacha** cliniciúla. Déanfaidh sé seo athrú céime ar ghníomhaíocht taighde atá dírithe ar shláinte a fheabhsú i réimsí téamacha. Rinneamar glao le haghaidh Líonraí Trialacha Cliniciúla i rith 2013 chomh maith.
- Maoiniú dara céim a bhronnadh ar Chlár na Scoláirí PhD i dTaighde Seirbhísí Sláinte, agus é a leathnú chun 50 céimí PhD breise a oiliúint ar thaighde sláinte daonra agus seirbhísí sláinte idir 2013 agus 2021. Tugtar clár SPHeRE air seo anois (**S**tructured **P**opulation and **Health services** R**esearch** E**ducation**).

Iar-fheisire ó SAM, Patrick Kennedy, agus comhbhunaitheoir eagraíocht 'One Mind' ag tabhairt óráide do na toscairí ag comhdháil 'Healthy Brain Healthy Europe', rud a bhí eagraithe ag an BTS i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach, mar chuid d'Uachtaránacht na hÉireann ar an AE.

- Síniú comhaontaithe chomhoibríoch ceithre bliana le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus Coláiste Ríoga na Lianna in Éirinn (CRLÉ) le **tacú le tionscadail taighde tosaíochta piarmheasúnaithe** ar cháilíocht agus sábháilteacht othar, agus iad ag eascairt as cláir cúraim chliniciúil FSS.
- Fógairt an chéad sé Dámhachtain do Cheannairí Taighde (DCTanna).
- Tacú le taighdeoirí ó Éirinn páirt a ghlacadh i gComhchláir an AE – **Taighde Galar Néaraimheathlúcháin (JPND), Aiste Bhia Shláintiúil le haghaidh Saol Sláintiúil (ABSSS) agus líonra Eorpach tras-disciplíneach dar teideal Cinntithigh Aiste Bhia agus Gníomhaíochta Fisicí (DEDIPAC).**
- Taighde nua **altranais ailse a fhorbairt – deontas forbartha tionscadail.**

Príomh-infheistíochtaí

- 40 Dámhachtain nua Taighde Sláinte a dhéanamh i dtaighde dírithe ar othair, taighde sláinte daonra agus seirbhísí sláinte, agus comhaltachtaí a chur ar fáil do 14 ghairmí cúram sláinte chun PhDanna páirtaimseartha nó lánaimseartha a dhéanamh agus iad nasctha le cleachtas.
- Infheistiú €4.3 milliún breise i nGrúpa Comhoibríoch Taighde Oineolaíochta uile-Éireann (GCTOÉ), rud a thacaigh le clárú 1,600 othar nua i staidéar cliniciúil GCTOÉ in 2013.
- Athnuachan maoiniúcháin (€0.43 milliún) don Ionad Náisiúnta um Ard-Íomháú Leighis, Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath, áit a bhfuil an t-aon scanóir 3Tesla MRI in Éirinn le haghaidh taighde cliniciúil.
- Athbhreithniú chomhdhámhachtainí an BTS-Ghrúpa na gCarthanas Taighde Leighis (GCTL) agus bronnadh €0.92 milliún de mhaoiniú ar naoi dtionscadal nua faoin scéim seo.

Bonneagar taighde

- Oscailt Áis Taighde Chliniciúil an Wellcome Trust-an BTS ag Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath.
- Leathnú oibríochtaí ag Áis Taighde Chliniciúil an BTS, Corcaigh, go punann ina bhfuil breis is 50 tuarascáil staidéir.

Fionnachtana spreagúla

D'imir fionnachtana a bhí mar thoradh ar mhaoiniú an BTS tionchair shuntasacha in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Tá taighdeoirí atá á maoiniú ag an BTS ag cur go mór le feabhsú ár sláinte mar dhaoine aonair, le sláinte an náisiúin i gcoitinne, agus ag feabhsú cháil na hÉireann mar thír thaighde den chéad scoth ag an am céanna. Mar shampla:

- aithníodh réimse nua airíonna taom croí a thosaíonn go mall
- an iomarca salainn, saille sáithithe agus tras-saille luaite le haon cheathrú de na básanna go léir de thaom croí agus stróc
- fionnachtain mhór maidir le comhdhúile a chuidíonn le cneasú fíocháin
- saill bhoilg luaite le riosca ailse
- feabhsaítear rátaí marthanais ailse chíche trí chloí le cóireálacha hormón
- brath feabhsaithe leanbán beag i mbaol sa bhroinn.

Áis Taighde Chliniciúil an Wellcome Trust-an BTS ag Ospidéal San Séamas

Áis Taighde Chliniciúil an BTS, Corcaigh

Áis Taighde Chliniciúil an BTS, Gaillimh

Naisc pholasaí, measúnacht agus caidreamh seachtrach:

- Críochnú chlár EU FP7 le hiomlán beagnach os cionn €80 milliún tarraingthe anuas mar mhaoiniú do thaighde sláinte na hÉireann, lenar áiríodh maoiniú do 29 comhordaitheoir Éireannach agus 129 comhpháirtí Éireannach.
- Obair le príomhpháirtithe leasmhara polasaí i réimsí amhail an Grúpa Gníomhaíochta Náisiúnta Beartaithe Tosaíochta Taighde (GBTT) agus an Grúpa Stiúrtha um Plean Éireannach ar Ghalair Neamhchoitianta.
- Anailís ar phunann an taighde a bhí maoinithe ag an BTS ó 2000-2009 maidir le haschuir, torthaí agus tionchair, i gcomhréir le staidéar coimisiúnaithe bibliméadrachta le haghaidh na bhfoilseachán ar thacaigh an BTS leo ó 2000-2012, agus foilsiú na dtorthaí.
- Comhchathaoirleacht ar Choiste Náisiúnta Rochtana Oscailte in éineacht le FEÉ, rud a leathnaigh clúdach an bhonneagair náisiúnta rochtana oscailte (RO) go rathúil taobh amuigh d'Institiúidí Ardoideachais, rud a chuireann ar chumas an BTS dul i mbun polasaí éigeantach RO arís.
- Cathaoirleacht ar Ghrúpa Oibre Eolaíocht na hEorpa ar Shláine Taighde.
- Rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre ar theacht oscailte ar fhoilseacháin agus teacht ar shonraí oscailte.

Maoiniú taighde an Aontais Eorpaigh – Horizon 2020 agus Creatchlár 7 (FP7)

Tháinig deireadh le clár FP7 in 2013. Bronnadh €80 milliún ar thaighdeoirí Éireannacha i rith FP7, méid arbh ionann é agus 1.78% den mhaoiniú iomlán a bhí ar fáil le haghaidh sláinte. Sháraigh sé seo an sprioc uaillmhianach thosaigh 1.25% a socraíodh le haghaidh sláinte. D'éirigh le taighdeoirí Éireannacha maoiniú €14.8 milliún de mhaoiniú a bhaint amach i 29 iarratas rathúil in 2013, is é sin, bliain dheireanach FP7, le cúnamh Phointe Teagmhála Náisiúnta agus Toscaire Sláinte an BTS. Bhí rath as an ngnáth ar thaighdeoirí sláinte Éireannacha chomh maith, agus rath ar 50% dá n-iarratais tionscadail, i gcomparáid le ráta meánach ratha foriomlán 35% ar fud an AE.

Seoladh 'Horizon 2020' i Nollaig 2013 agus beidh buiséad iomlán maoinithe taighde agus nuálaíochta €80 billiún ag baint leis, agus €7 mbilliún de sin curtha ar leataobh do thaighde sláinte sna seacht mbliana amach romhainn.

Áis Taighde Chliniciúil an Wellcome Trust-an BTS ag Ospidéal San Séamas, Baile Átha Cliath

D'oscail an Taoiseach Enda Kenny Áis Taighde Chliniciúil (ÁTC) an Wellcome Trust-an BTS go hoifigiúil ag Ospidéal San Séamas ar 30 Bealtaine 2013. Seo an tríú ÁTC a bhí maoinithe ag an BTS in Éirinn go dtí seo. Tugann ÁTCanna teacht d'othair ar theicneolaíochtaí nua agus nuálaíocha, agus iad ag ligean dóibh páirt a ghlacadh sna trialacha cliniciúla is déanaí, agus cabhrú le méadú a dhéanamh ar a thapúla is a chuirtear nuálaíochtaí nua i bhfeidhm sa chleachtas. Tugann siad spás, trealamh agus struchtúir bhainistíochta thiomanta do thaighdeoirí chun gur féidir leo trialacha cliniciúla náisiúnta agus idirnáisiúnta a dhéanamh agus páirt a ghlacadh iontu. Cuireann siad nasc ar fáil don chóras sláinte, lucht acadúil agus lucht tionscail obair a dhéanamh chun cúram sláinte agus polasaithe sláinte níos fearr a fhorbairt.

Comhoibriú Taighde le haghaidh Cáilíochta agus Sábháilteacht Othar

Shínigh an BTS, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn comhaontú ceithre bliana chun an Comhoibriú Taighde a bhunú le haghaidh Cáilíochta agus Sábháilteacht Othar. Tá sé mar aidhm leis an gcomhoibriú fianaise nua thaighde a chruthú mar fhreagra ar cheisteanna cáilíochta agus sábháilteachta othar ar leith a thagann chun cinn ó sheirbhís sláinte na hÉireann. De réir an Dr. Philip Crowley (i lár an phictiúir), Stiúrthóir Cáilíochta agus Sábháilteachta Othar i FSS, 'Is beag airgead a infheistítear go hidirnáisiúnta i dtaighde cáilíochta agus sábháilteachta othar, agus ba chóir an Bord Taighde Sláinte a mholadh as a fhadbhreathnaitheacht agus a thionscnamh síolchiste a mhaoiniú agus an comhoibriú tábhachtach seo a bhunú.'

Sa phictiúr ón taobh clé: Enda Connolly, Príomhfheidhmeannach (ar scor), an BTS; Philip Crowley, Stiúrthóir Cáilíochta agus Sábháilteachta Othar, FSS, agus Leo Kearns, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn.

Eolas agus Fianaise Sláinte

Déanann an BTS bainistíocht ar chúig cinn de chórais eolas sláinte náisiúnta (CNFS) i réimsí na ndrugaí agus alcóil, an mhíchumais agus na meabhairshláinte. Tá Aonad Fianaise againn chomh maith a dhéanann athbhreithnithe fianaise ar leith le haghaidh polasaí, agus leabharlann náisiúnta na hÉireann um úsáid drugaí agus alcóil.

An Dr. Hamish Sinclair, Stiúrthóir, Eolas agus Fianaise Sláinte

I rith 2013, bhí breis is 100,000 taifead sonraí casta bailithe, fíoraithe agus próiseáilte ag cúig chóras eolais an BTS. Tar éis dearbhú cáilíochta sonraí agus anailís mhionsonraithe staidrimh, foilsíodh 11 tuarascáil agus dáileadh iad i bhfianaise na sonraí seo. Cuireann na tuarascálacha ónár gcúig chóras eolas sláinte náisiúnta figiúirí tráthúla agus cruinne ar fáil le cur le pleanáil seirbhíse agus le cuidiú le cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise.

Chruthaíomar seacht n-athbhreithniú fianaise i réimsí éagsúla, amhail rialáil ghairmiúil cleachtóirí déadacha, agus an chaoi is fearr le hathruithe a dhéanamh ar sholáthar seirbhís sláinte faoi scéim árachas sláinte uilíoch. Chuireamar fáilte roimh bhreis is 150,000 úsáideoir ag suíomh gréasáin na leabharlainne drugaí agus alcóil. Roinneamar an nuacht is déanaí ar chás alcóil agus drugaí na hÉireann le breis is 2,000 síntiúsóir ár nuachtlitreach ráithiúla dar teideal *Drugnet Ireland* agus scaipeamar ár dtuarascálacha CNFS ar bhreis is 1,000 páirtí leasmhar.

Sonraí an BTS a athúsáid

- Cuireann figiúirí ónár gCóras Tuairiscithe Cóireála Drugaí agus ár nInnéacs Básanna a Bhaineann le Drugaí cuid den staidreamh is cuimsithí ar chóireáil drugaí agus básanna a bhaineann le drugaí ó thír ar bith san Eoraip. Úsáidtear na sonraí seo le cur le pleanáil seirbhíse agus chun cuid d'oibleagáidí tuairiscithe na hÉireann don Aontas Eorpach a chomhlíonadh. Táimid mar phointe fócais náisiúnta le haghaidh an Ionaid Mhonatóireachta Eorpaigh um Dhrugaí agus Andúil Drugaí (IMEDAD) agus cuirimid tuarascálacha agus anailís ar fáil ar chás na ndrugaí aindleathacha in Éirinn agus na freagraí a thugtar air. Bailíonn foireann an IMEDAD sa BTS sonraí trí líonra cuimsitheach soláthraithe eolais sna seirbhísí sláinte, réimsí an cheartais choiriúil, saotharlanna, ranna rialtais agus sna hearnálacha pobail agus deonacha. Úsáidimid ár bhfeasachán ráithiúil taighde agus polasaí, *Drugnet Ireland*, chun an fhaisnéis a bhailímid a scaipeadh níos forleithne trínár n-obair leis an IMEDAD. Tá an athúsáid eolais seo ar mhaithe le cuspóirí áitiúla mar chuid dár sainordú ón IMEDAD sonraí a úsáid chun an cleachtas is fearr a spreagadh i soláthar seirbhíse agus polasaí i réimse na ndrugaí.
- Fuair foireann na mBunachar Sonraí Míchumais cuireadh ón Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (ÚFCS) cur i

láthair a dhéanamh dá fhoireann chigireachta sula dtosóidh siad cuairteanna cigireachta ar ionaid cúraim chónaithigh le haghaidh daoine faoi mhíchumas. Mheas an ÚFCS go raibh luach ollmhór ar acmhainní tuairiscithe ár mbunachair shonraí dá obair ar aithint seirbhísí cónaitheacha agus ar phróifíliú na ndaoine sna seirbhísí sin.

- Leanamar dár mbunachair shonraí a fhorbairt ar mhaithe le hanailís staidrimh níos sofaisticiúla i dtimpeallachtaí casta a chur leo. Mar shampla, chumasaigh aitheantóir eitneach inár gcóras tuairiscithe cóireála drugaí aithint na chéad anailíse mionsonraithe ar riachtanais chóireála drugaí an Lucht Siúil. D'oibríomar go dlúth le Pavee Point ag gach céim den phróiseas seo, ionas gur féidir na torthaí a úsáid go híogair le cur le seirbhísí sláinte a mbíonn daoine den lucht siúil ag teacht orthu agus le heagraíochtaí bainteacha tacaíochta don Lucht Siúil. Ar bhonn níos leithne, cumasóidh an t-aitheantóir eitneach anailís níos fearr ar fho-ghrúpaí daonra a bhaineann úsáid as ár seirbhísí cóireála drugaí agus alcóil.

Sonraí ar líne

Tá sonraí gan ainmneacha luaite á bhfoilsiú ag an BTS faoi láthair ónár gcórais eolais ar tháblaí idirghníomhacha ar líne. Tá eolas ónár mbunachar sonraí cóiréala drugaí ar fáil cheana ar shuíomh gréasáin an Ionaid Náisiúnta Doiciméadúcháin um Úsáid Drugaíwww.drugsandalcohol.ie. Ligeann táblaí idirghníomhacha do thaighdeoirí agus do phleanálaithe seirbhíse fiosruithe mionsonraithe sainoiriúnaithe a dhéanamh a bhaineann go speisialta lena riachtanais eolais ar leith. Rinne an BTS obair ullmhúcháin in 2013 chun eolas a fhoilsiú ar líne ónár gCóras Tuairiscithe Náisiúnta Othar Síciatrach Cónaitheach, rud a dhéanann iontrálacha agus scaoileadh amach as ospidéil agus aonaid shíciatracha a thaifeadadh. Cuirfear na sonraí seo ar fáil trí shuíomh gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh (POS) ag www.cso.ie/en/databases.

Fianaise le haghaidh polasaí

Thosaigh obair an Aonaid Fianaise ag luathú go mór i mbliana. Bunaíodh an tAonad mar thosaíocht ó phlean gnó straitéiseach an BTS. Cuirfidh cuid mhaith den obair a bhí déanta ag an Aonad Fianaise in 2013 go mór le polasaithe náisiúnta sláinte. Ar na príomhghníomhaíochtaí a bhí i gceist, bhí:

- Dearadh agus bailiú sonraí le haghaidh suirbhé dialainne náisiúnta alcóil a bheidh mar phríomh-ionchur sa Bhille Alcóil um Shláinte Phoiblí atá ar na bacáin. Foilseofar torthaí an tsuirbhé seo in 2014.
- Cur i gcrích dhá athbhreithniú fianaise ar chomhtháthú seirbhísí sláinte chun tabhairt isteach beartaithe árachas sláinte uilíoch a éascú agus ceann amháin ar róil na rialála eacnamaíche i seirbhísí sláinte i dtíortha eile.
- Sainscagadh na gcritéar atá bunaithe ar fhianaise chun tosaíocht a thabhairt d'ábhair le haghaidh iniúchadh cliniciúil agus dearbhú cáilíochta don Roinn Sláinte, ar mhaithe le hoibriú an Choiste Náisiúnta ar Éifeachtacht Chliniciúil a éascú.
- Dul i mbun athbhreithniú ar fhianaise ar rialáil fiaclóirí agus gairmithe cúnta déadacha.
- Páirt a ghlacadh i meithleacha na Roinne Sláinte ar phraghas íosta aonaid in aghaidh an ghraim alcóil, agus athbhreithniú a dhéanamh ar an mbonn fianaise le haghaidh árachas sláinte uilíoch.

50 bliain de shonraí daonáirimh ar othair chónaitheacha shíciatracha

Ar 31 Márta 2013, rinne an BTS a ochtú daonáireamh ar othair faoi chúram síciatrach cónaitheach. Tá 50 bliain ann ó rinneadh an chéad daonáireamh in 1963 ar thionscnamh an Choimisiúin Fiosrúcháin um Easláinte Mheabhrach in 1961. Bhí an Coimisiún buartha nach raibh sonraí iontaofa ann ar úsáideoirí seirbhísí síciatracha na hÉireann d'othair chónaitheacha. Ó shin i leith, tá an BTS (agus a réamhtheachtaí, an Bord Taighde Pobal-Liachta) páirteach i dtáirgeadh sonraí staidrimh go bliantúil óna Chóras Tuairiscithe Náisiúnta Othar Síciatrach Cónaitheach (CTNOSC) agus trí thuarascálacha tréimhsiúla daonáirimh. Tá sonraí faoi chónaitheoirí i 65 aonad agus ospidéal, aonad leanaí agus ógánach san áireamh, san áireamh sa daonáireamh. Taispeánann réamhthorthaí a cruthaíodh i Nollaig 2013 go bhfuil líon na ndaoine faoi chúram othar cónaitheach tar éis laghdú ó 19,801 in 1963 go 2,401 in 2013, i gcomhréir le polasaithe náisiúnta sláinte.

Ceiliúradh ar 10 mbliana an Ionaid Náisiúnta Doiciméadúcháin um Úsáid Drugaí

Brian Galvin, Speisialtóir Sinsearach Eolais ag an BTS agus é ag tabhairt óráide ag 'Putting knowledge to work through education: substance use workforce development in Ireland'.

Tá an tIonad Náisiúnta Doiciméadúcháin ina *'...acmhainn shuntasach eolais do thaighdeoirí, lucht ceaptha polasaí, agus daoine a bhíonn ag obair i réimse na húsáide drugaí, alcóil, andúile nó réimsí gaolmhara.'* (Straitéis Náisiúnta Drugaí (eatramh) 2009-2016: 70. 2009.) Cuireann an leabharlann drugaí agus alcóil teacht leictreonach ar fáil ar litríocht taighde Éireannach agus idirnáisiúnta i réimsí na húsáide agus na mí-úsáide drugaí agus alcóil, polasaí, cóireáil, cosc, athshlánú, coireacht agus ábhair eile a bhaineann le drugaí agus alcól. Tugadh breis is 150,000 cuairt ar a shuíomh gréasáin ag www.drugsandalcohol.ie i rith 2013. Rinneadh ceiliúradh ar 10ú bliain na leabharlainne i mbliana le comhdháil mhór dar teideal 'Putting knowledge to work through education: substance use workforce development in Ireland'. Rinne sí an chéad cheann de dhá thuarascáil i sraith speisialta athbhreithnithe fianaise drugaí agus alcóil a choimisiúnú chomh maith. In éineacht lena bailiúcháin leictreonacha, coinníonn an leabharlann bailiúcháin speisialta de litríocht chlóite idirnáisiúnta ar féidir leis an bpobal teacht air tríd an leabharlann in oifigí an BTS.

Oibríochtaí Corparáideacha

Kevin Roantree,
Stiúrthóir, Oibríochtaí Corporáideacha

Tacaíonn Oibríochtaí Corparáideacha le cur i gcrích éifeachtúil phríomhspriocanna an BTS. Cuimsíonn sé Airgeadas, TFC, Daonacmhainní agus Forbairt Eagraíochtúil, Cumarsáid agus Rialachas Corporáideach. Dírítear ar chleachtais bhainistíochta den scoth a chur chun cinn, luach ar airgead a sheachadadh agus rialachas corporáideach den scoth a chinntiú. Imríonn an Stiúrthóireacht ról lárnach freisin maidir le torthaí taighde a scaipeadh.

Áirítear ar phríomhghníomhaíochtaí 2013:

- Críochnú athbhreithnithe ar lucht saothair agus seirbhísí chun cur i gcrích leanúnach tosaíochtaí straitéiseacha a chinntiú i gcomhthéacs na srianta náisiúnta fioscacha agus earcaíochta.
- Obair le baill foirne ríthábhachtacha, faomhadh lorgtha agus faighte ón Roinn Sláinte agus ón Roinn Airgeadais chun cúig chóras náisiúnta eolas sláinte an BTS a athfhorbairt agus a aistriú go comh-ardán. Feabhsóidh sé seo cobhsaíocht oibríochtúil agus feabhsóidh sé seirbhísí agus cumas amach anseo.
- Leanúint d'fhorbairt agus cur i bhfeidhm an Chórais nua Leictreonaigh le haghaidh Bainistíocht Deontas (CLBD) – córas bainistíochta iarratais deontas atá slán, áisiúil d'úsáideoirí, agus bunaithe ar an ngréasán, agus é ag cumasú bhainistíocht an phróisis iomláin timthrialla deontais ón iarratas go dul in éag.
- Tacú le gníomhaíochtaí na Roinne Sláinte i rith Uachtaránacht na hÉireann ar an AE; eagrú, bainistiú agus cur i láthair chomhdháil Mhí Eorpach na hInchinne; agus comhordú sárthaispeántas taighde sláinte i rith na seachtaine ríomhshláinte.
- Clúdach na meán bainte amach ar luach coibhéiseach fógraíochta os cionn leathmhilliún euro. Léirigh an clúdach seo tionchair an taighde atá maoinithe ag an BTS, chomh maith le torthaí ónár gcórais náisiúnta eolas sláinte agus ón aonad fianaise.

Rialachas Corporáideach

Tá deichniúr comhaltaí ar Bhord an BTS a bhíonn ceaptha ag an Aire Sláinte agus Leanaí, mar a leagtar síos in Airteagal 5 den Ordú um an mBord Taighde Sláinte (Bunú) 1986 (I.R. Uimh 279 de 1986) mar a leasaíodh. Sé cúigear an córam um chruinnithe boird.

Ba iad comhaltaí an Bhoird in 2013 ná:

n Dr Declan Bedford

An tOllamh Conor Burke

An Dr Colin Doherty

An tOllamh Joe Duffy

John McCormack Uas

An Dr Tom O'Callaghan

An tOllamh Prem Puri

An Dr Marion Rowland

Bhí dhá fholúntas ar an mBord ar feadh 2013.

Bord agus Coistí Boird an BTS

Bhunaigh an Bord dhá Choiste mar chuidiú lena fheidhmeanna a chur i gcrích:

Coiste Iniúchóireachta:

Cabhraíonn agus tacaíonn sé leis an mBord chun monatóireacht a dhéanamh ar thuairisciú airgeadais, athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na rialúchán inmheánach, an fheidhm inmheánach iniúchóireachta a rialú agus cumarsáid a dhéanamh le hiniúchóirí seachtracha. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire i rith 2013.

Comhaltaí:

- An Dr. Éamonn Cahill (Cathaoirleach) (Seachtrach)
- An Dr. Declan Bedford
- An tOllamh Conor Burke
- An tOllamh Joe Duffy
- An Dr. Tom O'Callaghan
- An Dr. Marion Rowland

Coiste Luach Saothair agus Forbartha Bainistíochta

Déanann an Coiste maoirseacht ar an nós imeachta le haghaidh roghnú an Phríomhfheidhmeannaigh, déanann sé athbhreithniú ar luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh laistigh de na treoirlínte a shocraíonn an Rialtas ó am go chéile, agus gníomhaíonn sé mar ghrúpa comhairleach don Phríomhfheidhmeannach chun feidhmíocht agus forbairt na foirne bainistíochta sinsearaí a athbhreithniú.

Tháinig an Coiste le chéile dhá uair le linn 2013.

Is iad comhaltaí an Choiste seo ná:

- An Dr. Declan Bedford (Cathaoirleach)
- An Dr. Colin Doherty
- John McCormack
- An tOllamh Prem Puri

Tinreamh ag cruinnithe i rith 2013

(Tabhair do d'aire: léiríonn figiúirí idir lúibíní líon na gcruinnithe a tharla le linn tréimhse oifige an chomhalta Boird/Coiste)

	Cruinnithe boird	Cruinnithe den Coiste Iniúchóireachta	Cruinnithe an Choiste Forbartha Bainistíochta agus Luach Saothair
An Dr. D. Bedford (Cathaoirleach)	7 (7)	4 (4)	2 (2)
An tOllamh C Burke	2 (7)	0 (4)	-
An Dr. C. Doherty	4 (7)	-	1 (2)
An tOllamh J. Duffy	7 (7)	3 (4)	-
An tUas J. McCormack	6 (7)	-	2 (2)
An Dr. T. O'Callaghan	5 (7)	3 (4)	-
An tOllamh P Puri	5 (7)	-	2 (2)
An Dr. M. Rowland	7 (7)	4 (4)	-
Seachtrach			
An Dr E Cahill #	-	4 (4)	-

Reachtaíocht

Gníomhaireacht reachtúil féinrialaitheach is ea an Bord Taighde Sláinte a bunaíodh faoin Ordú um an mBord Taighde Sláinte (Bunú) 1986 (I.R. Uimh 279 de 1986) mar a leasaíodh ("na hAchtanna"). Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird Taighde Sláinte mar seo a leanas:

- taighde sláinte a spreagadh, cuidiú leis, é a choimisiúnú nó a stiúradh chun sláinte a fheabhsú agus éifeachtúlacht na seirbhísí sláinte a mhéadú
- córais eolas sláinte a chothabháil, a fhorbairt nó tacú leo chun críocha taighde agus an fhianaise a sholáthar um pholasaí agus seirbhísí sláinte
- teagmháil agus comhoibriú a dhéanamh le comhlachtaí eile taighde sa Stát agus lasmuigh den Stát maidir le taighde bainteach a chur chun cinn, a choimisiúnú nó a dhéanamh
- teagmháil a dhéanamh le comhlachtaí eile eolas sláinte sa Stát agus, nuair is cuí, lasmuigh den Stát maidir le córais eolas sláinte a fhorbairt agus tacú leo.

Agus a fheidhmeanna á gcur i gcrích aige, caithfidh an Bord Sláinte Taighde aird a thabhairt ar a leithéid de thaighde agus cuspóirí ginearálta a d'fhéadfadh an tAire a chinneadh agus a chur in iúl don Bhord ó am go ham.

Agus a fheidhmeanna á gcur i gcrích aige maidir le taighde sláinte agus córais eolais, tabharfaidh an Bord aird ar fheabhas agus bainteacht le sláinte agus an cleachtas idirnáisiúnta is fearr.

Sa bhreis ar a reachtaíocht rialaitheach féin, caithfidh an Bord Taighde Sláinte réimse riachtanas eile reachtúil agus riaracháin (Náisiúnta agus AE) a chomhlíonadh. Go háirithe, ach gan a bheith faoina dteorainn, tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh na riachtanas ar leith seo a leanas a chinntiú:

Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit

Comhlíonann an Bord Taighde Sláinte go hiomlán an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tugtar tuarascáil bhliantúil don Roinn Sláinte, agus tá Lámhleabhar Rialachais dá chuid féin i bhfeidhm. Comhlíonann an Bord Taighde Sláinte na treoirlínte um bainistiú priacail atá sa Chód. Tugtar priacail chuig an Choiste Iniúchóireachta agus chuig an Bhord, nuair is cuí, go rialta agus pléitear iad ag cruinnithe den Fhoireann Feidhmiúcháin.

Fógairt leasa

Faoi réir ag Alt 13 de na hAchtanna, caithfidh comhaltaí den Bhord, de choistí agus de phainéil roghnaithe/luachála dámhachtainí, chomh maith le baill foirne an Bhoird Taighde Sláinte, aon leas airgid nó tairbheach eile atá acu i gceist ar bith, nó a bhaineann le ceist ar bith, a thagann os comhair an Bhoird Taighde Sláinte a fhógairt agus iad féin a choinneáil amach ón bpróiseas cinnteoireachta.

Faoi réir fhorálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, tá ráitis leasa tugtha ag gach comhalta boird agus gach ball foirne i bpost ainmnithe ag an mBord Taighde Sláinte, agus coimeádann an Bord Taighde Sláinte Clár Leasanna Comhaltaí Boird agus Coiste.

Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003

Is comhlacht forordaithe é an Bord Taighde Sláinte faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Tugann na hAchtanna seo ceartas dlíthiúil do dhaoine eolas atá ar coimeád ag comhlachtaí poiblí a rochtain, chomh fada agus is féidir, i gcomhréir le leas an phobail agus ceartas um phríobháideacht. Ach tugann na hAchtanna seo cosaintí láidre do dhaoine nó foirne taighde a thugann eolas don Bhord Taighde Sláinte atá faoi rún, gnó-íogair nó pearsanta. Ba chóir iarratais ar fhaisnéis faoin reachtaíocht seo a sheoladh chuig an Oifigeach um Shaoráil Faisnéise, an Bord Taighde Sláinte, 67-72 Teach Mhig Reachtain, Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2.

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

Tá an Bord Taighde Sláinte tiomanta chuig polasaí um cheartais agus príobháideacht daoine a chosaint de réir na reachtaíochta um chosaint shonraí.

Rialacháin um Athúsáid Eolas Earnála Poiblí, 2005

Comhlíonann an Bord Taighde Sláinte na rialacháin um Athúsáid Eolas Earnála Poiblí (Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Athúsáid Eolas Earnála Poiblí) 2005 (I.R. 279 de 2005)) agus spreagann sé athúsáid an eolais a chruthaíonn sé.

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, mar a leasaíodh

